2025/786

14.4.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/786 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Aibreán 2025

lena gcuirtear ar fionraí bearta athchothromúcháin tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh na Stát Aontaithe, bearta arna bhforchur le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2025/778 agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2882

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagail 7(3) agus (4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Meitheamh 2018, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 ([2]) ón gCoimisiún lena ndéantar foráil maidir le cur i bhfeidhm dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá ('na Stáit Aontaithe') a allmhairítear isteach san Aontas, mar a leanas:

(2) An 7 Aibreán 2020, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/502 ([3]) ón gCoimisiún lena ndéantar forail maidir le cur i bhfeidhm dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí sonraithe eile de thionscnamh na Stát Aontaithe a allmhairítear isteach san Aontas.

(3) Bhí na dleachtanna custaim breise a forchuireadh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/502 dírithe ar na bearta coimirce a fhrithchothromú i bhfoirm dleachtanna custaim breise a thug na Stáit Aontaithe isteach ar bhonn Roinn 232 d'Acht um Fhairsingiú Trádála na Stát Aontaithe 1962 maidir le hallmhairí táirgí sonraithe cruach agus alúmanaim de thionscnamh an Aontais, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2018, agus ar allmhairí táirgí díorthaithe cruach agus alúmanaim de thionscnamh an Aontais, le héifeacht ón 8 Feabhra 2020.

(4) An 18 Nollaig 2023, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2882 ([4]) ón gCoimisiún lena gcuirtear ar fionraí, go dtí an 31 Márta 2025, dleachtanna *ad valorem* breise, dleachtanna arna bhforchur le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 agus (AE) 2020/502.

(5) An 10 Feabhra 2025, thug na Stáit Aontaithe a mbearta coimirce isteach arís i bhfoirm dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí cruach agus alúmanaim agus táirgí díorthaithe cruach agus táirgí díorthaithe alúmanaim de thionscnamh an Aontais, *inter alia*, ar na leibhéil tosaigh 25 % agus 10 % *ad valorem*, faoi seach, le héifeacht ón 12 Márta 2025, ar feadh tréimhse gan teorainn ([5]).

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le feidhmiú chearta an Aontais chun rialacha trádála idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm agus a fhorghníomhú agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 3286/94 ón gComhairle lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail i réimse an chomhbheartais tráchtála d'fhonn feidhmiú chearta an Chomhphobail faoi rialacha trádála idirnáisiúnta a áirithiú, go háirithe na cearta sin a bunaíodh faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Trádála, (IO L 189, 27.6.2014, lch. 50, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/654/oj).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 ón gCoimisiún an 20 Meitheamh 2018 maidir le bearta áirithe beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/724 (IO L 158, 21.6.2018, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/886/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/502 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2020 maidir le bearta áirithe beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 109, 7.4.2020, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/502/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2882 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2023 lena gcuirtear ar fionraí bearta beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá, bearta arna bhforchur le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 agus (AE) 2020/502 (IO L 2882, 19.12.2023, lch. 41, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2882/oj).

([5]) Forógra Uimh. 10896 an 10 Feabhra 2025, Allmhairí Cruach isteach sna Stáit Aontaithe a choigeartú, agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis; Forógra Uimh. 10895 an 10 Feabhra 2025, Allmhairí Alúmanaim isteach sna Stáit Aontaithe a choigeartú, agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis; Fógra ón mBiúró Tionscail agus Slándála an 4 Aibreán 2025 maidir le Cur chun Feidhme Dleachtanna ar Bheoir Díorthaithe Alúmanaim agus ar Channaí Alúmanaim Folmha de bhun Fhorógra 10895 maidir le hAllmhairí Alúmanaim chuig na Stáit Aontaithe.

(6) An 26 Márta 2025, thug na Stáit Aontaithe beart coimirce nua isteach i bhfoirm dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí gluaisteán agus páirteanna gluaisteán de thionscnamh, *inter alia*, an Aontais, ar leibhéal 25 %, le héifeacht ón 3 Aibreán 2025, le haghaidh gluaisteán agus ar an dáta a shonraítear sa Chlár Feidearálach le haghaidh páirteanna gluaisteán, ach tráth nach déanaí ná an 3 Bealtaine 2025, ar feadh tréimhse gan teorainn ([6]).

(7) An 31 Márta 2025, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/664 ([7]) ón gCoimisiún lena gcuirtear ar fionraí, go dtí an 14 Aibreán 2025, dleachtanna *ad valorem* breise, dleachtanna arna bhforchur le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 agus (AE) 2020/502.

(8) An 2 Aibreán 2025, thug na Stáit Aontaithe dleachtanna custaim breise isteach ar allmhairí na dtáirgí uile de thionscnamh an Aontais, ar leibhéal 20 %, le héifeacht ón 9 Aibreán 2025, ar feadh tréimhse gan teorainn ([8]).

(9) An 9 Aibreán 2025, thug na Stáit Aontaithe isteach an laghdú 90 lá ar na dleachtanna custaim breise ar leibhéal 20 % go leibhéal 10 %, maidir le hallmhairí táirgí de thionscnamh an Aontais Eorpaigh, le héifeacht ón 10 Aibreán 2025 ([9]).

(10) An 14 Aibreán 2025, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/778 ([10]) ón gCoimisiún maidir le bearta athchothromúcháin tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886, lena ndéantar foráil maidir le cur i bhfeidhm dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe eile de thionscnamh na Stát Aontaithe isteach san Aontas agus maidir le dleachtanna custaim breise áirithe a leasú mar a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886.

(11) I bhfianaise na bhforbairtí, amhail iad siúd a thuairiscítear in aithris 9, agus i bhfianaise na forbartha a tháinig ar an gcaidreamh trádála idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe, ba cheart don Aontas a bhearta freagartha a chalabrú, agus a áirithiú freisin go mbeidh deiseanna comhair ann leis na Stáit Aontaithe, lena n-áirítear d'fhonn an chonspóid maidir leis na taraifí faoi seach a réiteach.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart cur i bhfeidhm na ndleachtanna custaim *ad valorem* breise arna bhforchur le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2025/778, (AE) 2018/886 agus (AE) 2020/502 a chur ar fionraí go dtí an 14 Iúil 2025.

(13) Dá thoradh sin, ba cheart na codanna ábhartha de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/778 a chur ar fionraí agus ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2882 a leasú.

(14) I bhfianaise mórchúiseanna práinne a bhfuil bonn cirt leo mar gheall ar an ngá atá ann, na bearta athchothromúcháin ábhartha atá ar tí a chur i bhfeidhm, an cur i bhfeidhm sin a chur ar fionraí chun deiseanna éifeachtacha a cheadú chun na cuspóirí a thuairiscítear in aithris 11 a bhaint amach, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha an Rialacháin seo láithreach. Ar na cúiseanna céanna, ba cheart forálacha an Rialacháin seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(15) Tá an Rialachán seo gan dochar do sheasamh an Aontais toisc go bhfuil bearta coimirce na Stát Aontaithe fós ar neamhréir leis an gComhaontú lenar bunaíodh an Eagraíocht Dhomhanda Trádála.

([6]) Forógra uimh. 10908 an 26 Márta 2025, Allmhairí Gluaisteán agus Páirteanna Gluaisteán isteach sna Stáit Aontaithe a Choigeartú.

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/664 ón gCoimisiún an 31 Márta 2025 lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2882 lena gcuirtear ar fionraí bearta beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá, bearta arna bhforchur le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 agus (AE) 2020/502 (IO L 664, 31.3.2025, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/664/oj).

([8]) Ordú Feidhmiúcháin an Uachtaráin 14257 an 2 Aibreán 2025 lena Rialaítear Allmhairí le Taraif Chómhalartach chun Cleachtais Trádála a rannchuidíonn le hEasnaimh Bhliantúla Mhóra agus Mharthanacha Trádála Earraí na Stát Aontaithe a cheartú.

([9]) Ordú Feidhmiúcháin an 9 Aibreán 2025 maidir le rátaí taraife cómhalartacha a mhodhnú chun frithbheartaíocht agus ailíniú comhpháirtithe trádála a léiriú.

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/778 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2025 maidir le bearta athchothromúcháin tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 (IO L, 2025/778, 14.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/778/oj).

(16) I gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, 14 lá ar a dhéanaí tar éis a ghlactha, ba cheart don Choimisiún an Rialachán seo a chur faoi bhráid an Choiste um Bacainní ar an Trádáil chun a thuairim a fháil,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirfear cur i bhfeidhm Airteagail 2 agus 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/778 ar fionraí go dtí an 14 Iúil 2025.

Airteagal 2

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2882 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear '14 Iúil 2025' in ionad '31 Márta 2025';

(2) In Airteagal 2, cuirtear '14 Iúil 2025' in ionad '31 Márta 2025'.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Aibreán 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN